# Babhta

# Cúla4: Neamhlíneach

# 2026

## Dáta Deiridh d'Iarratais: **16:00 an 08 Bealtaine 2026**

**Tá córas coimisiúnaithe nua, TG4 eCoimisiúin, i bhfeidhm ag TG4. Ní mór duit clárú ar an gcóras nua chun iarratas a dhéanamh** https://ecoimisiuin.tg4.ie/.

Fáilteoidh Cúla4 roimh iarratais ó léiritheoirí neamhspleácha chun ábhar úrnua a fhorbairt do **chainéal YouTube agus do Sheinnteoir Cúla4**. Déanfar iad seo a léiriú in 2026 lena bhfoilsiú in 2027.

Táimid ag lorg smaointe d'ábhar a bheadh dúchasach don ardán YouTube ó thaobh stíle agus formáide de, agus a mbeadh spéis ag lucht féachana réamhscoile nó ag páistí idir 6 agus 12 bliana d'aois ann.

### Príomhphointí:

- Tá téamaí faoi leith á lorg againn mar chuid den iarratas:
  1. **Sraith shimplí scéalaíochta** le grafaicí, reacaireacht agus ceol, don aoisghrúpa 0-6 bliana
  2.**Sraith dhamhsa/aclaíochta** don aoisghrúpa 0-6 bliana
  3.**Smaointe eile** a bheadh an-mhealltach (Aoisghrúpa ar bith)
- Timpeall ar **80-100 mír** ghearr le grafaicí (má bhíonn siad ag teastáil), **idir 2 agus 5 nóiméad** an ceann ar fad. (Is féidir é seo a bhriseadh suas ina **shraitheanna**)
- Ba cheart d'iarratasóirí féachaint ar an **ábhar atá ar fáil faoi láthair** ar chainéal YouTube Cúla4 agus machnamh a dhéanamh ar na stíleanna agus ar na formáidí is fearr a oibríonn ar YouTube agus iad ag ullmhú a gcuir i láthair. Tá sé tábhachtach a thuiscint nach gá go n-oibreodh ábhar atá cruthaithe don chraoladh líneach ar an ardán seo.
- Ba cheart do léiritheoirí a léiriú go bhfuil tuiscint shoiléir acu ar an gcaoi a n-úsáideann an lucht féachana YouTube, lena n-áirítear sainriachtanais an aoisghrúpa ar a bhfuil siad ag díriú agus an chaoi is fearr le hábhar a chruthú dóibh. Ba cheart machnamh a dhéanamh air sin ó thaobh aird an lucht féachana a tharraingt sna chéad soicindí agus a n-aird a choinneáil don mhír sin ar fad.
- Cuirtear eilimintí breise leis an ábhar seo go minic chun é a dhéanamh níos tarraingtí - ar nós grafaicí agus íomhánna láidre ar mhionsamhlacha, agus tá na heilimintí sin

tábhachtach ionas go n-éireoidh go maith leis an ábhar ar YouTube agus cuidíonn siad le tuilleadh lucht féachana a mhealladh. Ba cheart é sin a chur san áireamh san iarratas.
- Má roghnaítear d'iarratas, déanfaidh an tEagarthóir Coimisiúnaithe teagmháil leat faoi na chéad chéimeanna eile agus faoi iarratas foirmeálta a dhéanamh.
- Pléifear cearta ag an gcéad chéim eile den phróiseas má éiríonn leis an iarratas an gearrliosta a bhaint amach.

**Tábhachtach:**

- **Buiséad:** €175,000
- Beidh cearta saoil ilardáin ar fud an domhain ag TG4 ar an ábhar seo.
- Beidh foirm le líonadh isteach mar chuid den iarratas ar an suíomh nua eCoimisiúin. Is féidir an t-eolas sin, agus aon eolas eile, a chur ag deireadh an iarratais mar aon le naisc ar bith ar mian libh a áireamh. Caithfidh costas buiséid a bheith leis an iarratas bunaithe ar an eolas atá sa gcáipéis seo. Is féidir teimpléad buiséid TG4 a fháil ar: https://www.tg4.ie/ga/coimisiuin/coimisiunu/. Beidh buiséad mionsonraithe le cur ar fáil sa gcéad chéim eile den phróiseas.

**Cuir san áireamh:**

- Cur síos ar an smaoineamh agus ar an gcur chuige cruthaitheach
- Amlíne léiriúcháin
- Foireann agus taithí
- Cur síos ar an gcaoi a bhfuil an togra ag teacht le súil eile agus straitéis Cúla4
- An sprioclucht féachana
- Cur chuige eagarthóireachta teangeolaíoch don léiriú - ní mór an cur chuige atáthar a úsáid sa chlár / sa tsraith chun an Ghaeilge agus caighdeán agus saibhreas na Gaeilge a chinntiú a chur in iúl

**Gearrliosta:** Déanfar teagmháil leat ar ríomhphost má chuirtear do thogra ar an ngearrliosta. Teastaíonn ó TG4 go mbeadh gach conradh a bhfuil TG4 ag déanamh maoiniú 100% air ag an staid réamh-ghearrtha roimh dheireadh 2026.

**Tacaíocht:** Is féidir ceisteanna a chur ar aghaidh nó plé tosaigh a eagrú ach teagmháil a dhéanamh le: karina.feirtear@tg4.ie nó Julieann.ni.fhatharta@tg4.ie.

## Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4. Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/.

Ní mór iarratais a dhéanamh roimh an spriocam agus iad a chur ar aghaidh trí '***Cúla4 Neamhlíneach 2026'*** a roghnú ón roghchlár anuas. Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh molta caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig karina.feirtear@tg4.ie

*Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.*

*Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle i bpraghas, ná le haon iarratas.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin*

*íogair a lua. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur faisnéis íogair í agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*